



An Bhruiséil, 25 Márta 2026
(OR. en)

7705/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0030 (COD)

CODIF 12
CODEC 539
SEMENCES 8

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 128 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl arna tháirgeadh i dtríú tíortha (códú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo COM(2026) 128 final (Annexes 1 to 4).

Faoi iamh: COM(2026) 128 final (Annexes 1 to 4)



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.3.2026
COM(2026) 128 final

ANNEXES 1 to 4

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra leasaithe le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharr
táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl arna tháirgeadh i dtríú tíortha (códú)**

↓ 2012/1105 Airt. 1.4 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
 →₁ 2018/1674 Airt. 1.4 agus Iarscríbhinn .1(b)
 →₂ 2018/1674 Airt. 1.4 agus Iarscríbhinn .1(a)
 →₃ 2020/1544 Airt. 1(b)
 →₄ 2021/537 Airt. 1.1 agus Iarscríbhinn .1(2)
 →₅ 2021/537 Airt. 1.1 agus Iarscríbhinn .1(1)
 →₆ 2022/871 Airt. 1(2)(b)
 →₇ 2022/871 Airt. 1(2)(a)
 →₈ 2025/1228 Airt.1 agus Iarscríbhinn .1
 →₉ 2025/1228 Airt.1 agus Iarscríbhinn .2

IARSCRÍBHINN I

☒ TRÍÚ ☒ TÍORTHA, ÚDARÁIS AGUS SPEICIS		
☒ Tríú ☒ tír ☒¹ ☒	Údarás	Speicis dá dtagraítear sna Treoracha seo a leanas
1	2	3
AR	Instituto Nacional de Semillas (INASE) Av. Paseo Colón 922, 3 Piso 1063 BUENOS AIRES	66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
AU	Australian Seeds Authority Ltd PO Box 187 LINDFIELD, NSW 2070	66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
→₇ BO ←	→₇ An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Talún Av. Camacho entre calles Loaya y Bueno N°1471, LA PAZ ←	→₇ 66/402/CEE – i leith <i>Zea mays</i> agus <i>Sorghum</i> spp. amháin; 2002/57/CE – i leith <i>Helianthus annuus</i> amháin ←

¹ AR — an Airgintín, AU — an Astráil, →₆ BO — an Bholáiv ←, →₁ BR — an Bhrasaíl ←, CA — Ceanada, CL — an tSile, →₄ GB — an Ríocht Aontaithe ←, IL — Iosrael, MA — Maracó, →₁ MD — Poblacht na Moldóive ←, NZ — an Nua-Shéalainn, RS — an tSeirbia, TR — an Tuirc, →₃ UA — an Úcráin ←, US — Stáit Aontaithe Mheiriceá, UY — an Uragua, ZA — an Afraic Theas.

→ ₂ BR ←	→ ₂ An Aireacht Talmhaíochta, Beostoic agus Soláthair Bia Esplanada dos Ministérios, bloco D 70.043-900 Brasilia-DF ←	→ ₂ 66/401/CEE 66/402/CEE ←
CA	Gníomhaireacht Cheanada um Chigireachta Bia, Rannóg na Síolta, an Stiúrthóireacht um Shláinte Plandaí agus um Bithshlándaíl 59 Camelot Drive, Room 250, OTTAWA, ON K1A 0Y9	66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
CL	Ministerio de Agricultura Servicio Agrícola y Ganadero, División de Semillas Casilla 1167, Paseo Bulnes 140 — SANTIAGO DE CHILE	2002/54/CE 66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
→ ₅ GB ² ←	→ ₅ An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe (DEFRA) Eastbrook Shaftesbury Road Cambridge CB2 8DU ←	→ ₅ 66/401/CEE 66/402/CEE 2002/54/CE 2002/57/CE ←
IL	An Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Seirbhísí Cosanta agus Cigireachta Plandaí PO Box 78, BEIT-DAGAN 50250	66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
MA	D.P.V.C.T.R.F. Service de Contrôle des Semences et Plants BP 1308 RABAT	66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE

² I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Ráiteas Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 ([IO L 102, 17.4.2023, Ich. 87](#)) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críoch na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann’.

→ ₈ MD ←	→ ₈ National Agency for Food Safety (ANSA) str. Mihail Kogălniceanu 63, MD-2009, CHIȘINĂU ←	→ ₈ 66/401/EEC 66/402/EEC 2002/55/EC 2002/57/EC ←
NZ	An Aireacht Tionscal Príomhúil, 25 “The Terrace” PO Box 2526 6140 WELLINGTON	2002/54/CE 66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
RS	Stiúrthóireacht um Chosaint Plandaí na hAireachta Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bainistíochta Uisce Omladinskih brigada 1, 11070 NOVI BEOGRAD Tá údarú tugtha ag an Aireacht Talmhaíochta do na hinstitiúidí seo a leanas deimhnithe ECFE a eisiúint: An tSaotharlann Náisiúnta um Thástáil Síolta Maksima Gorkog 30 — 21000 NOVI SAD Institiúid Taighe an Arbhair Indiaigh ‘Zemun Polje’ Slobodana Bajica 1 11080 ZEMUN, BEOGRAD	2002/54/CE 66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
TR	An Aireacht Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe, Ionad Cláraithe Cineálacha Plandaí agus Deimhnithe Síolta Gayret mah. Fatih Sultan Mehmet Bulvari No 62 PO Box 30 06172 Yenimahalle/ANKARA	2002/54/CE 66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
→ ₉ UA ←	→ ₉ Ministry of Agrarian Policy and Food of Ukraine Khreshchatyk str. 24, 01001 KYIV ←	→ ₉ 66/402/EEC 2002/54/EC 2002/57/EC – only in respect of Brassica napus, Glycine max and Helianthus annuus ←

US	USDA — An tSeirbhís Margaíochta Talmhaíochta Brainse Rialála agus Tástála Síolta 801 Summit Crossing, Suite C, GASTONIA NC 28054	2002/54/CE 66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
UY	Instituto Nacional de Semillas (INASE) Cno. Bertolotti s/n y Ruta 8 km 29 91001 PANDO — CANELONES	66/401/CEE 66/402/CEE 2002/57/CE
ZA	An Roinn Náisiúnta Talmhaíochta, c/o S.A.N.S.O.R. Lynnwood Ridge, PO Box 72981, 0040 PRETORIA	66/401/CEE 66/402/CEE – i leith <i>Zea mays</i> agus <i>Sorghum</i> spp. amháin. 2002/57/CE

↓ 2003/17/CE

IARSCRÍBHINN II

A. COINNÍOLLACHA A BHAINNEANN LE CIGIREACHTAÍ ALLAMUIGH ARNA NDÉANAMH I DTRÍÚ TÍORTHA AR BHARRA A THÁIRGEANN SÍOL

1. Déanfar cigireachtaí allamuigh i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta atá ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta mar a leanas:
 - síol biatais siúcra agus biatais farae, i gcás *Beta vulgaris* dá dtagraítear i dTreoir 2002/54/CE,
 - síol féir agus léagúm, i gcás speicis dá dtagraítear i dTreoir 66/401/CEE,
 - síol croisiféarach agus síol eile de speicis ola agus snáithín, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 66/401/CEE agus i dTreoir 2002/57/CE,
 - síol gránach, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 66/402/CEE, seachas *Zea mays* agus *Sorghum* spp.,
 - síol arbhair indiaigh agus sorgaim, i gcás *Zea mays* agus *Sorghum* spp. dá dtagraítear i dTreoir 66/402/CEE,

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus Iarscríbhinn .2(a)

- síol glasraí, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 2002/55/CE.

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)

2. Déanfar síol nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach a phacáil i bpacáistí atá dúnta go hoifigiúil ar a mbeidh lipéad speisialta arna sholáthar ag ECFE chun na críche sin.
3. Beidh deimhniú oifigiúil ag gabháil le síol nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach, gan dochar don deimhniú arna sholáthar ag Scéimeanna ECFE ☒ maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta atá ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta ☒, agus tabharfar an fhaisnéis seo a leanas ar an deimhniú oifigiúil sin:
 - uimhir thagartha an tsíl a úsáideadh chun an pháirc a chur, agus ainm an Bhallstáit nó an tríú tír a dheimhnigh an síol sin,
 - an t-achar arna shaothrú,
 - an chainníocht síl,
 - an fianú gur comhlíonadh na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh i gcás na mbarr ar tháinig an síol uathu.

B. COINNÍOLLACHA A BHAINNEANN LE SÍOL ARNA THÁIRGEADH I DTRÍÚ TÍORTHA

1. Déanfar síol a dheimhniú go hoifigiúil agus na pacáistí a dhúnadh go hoifigiúil agus a mharcáil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta atá ag gluaiseacht sa Trádáil

Idirnáisiúnta mar a leanas; beidh na deimhnithe a cheanglaítear faoi na scéimeanna ECFE sin ag gabháil leis na luchtóga síl:

- síol biatais siúcra agus biatais farae, i gcás *Beta vulgaris* dá dtagraítear i dTreoir 2002/54/CE,
- síol féir agus léagúm, i gcás speicis dá dtagraítear i dTreoir 66/401/CEE,
- síol croisiféarach nó síol eile de speicis ola agus snáithín, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 66/401/CEE agus i dTreoir 2002/57/CE,
- síol gránach, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 66/402/CEE, seachas *Zea mays* agus *Sorghum* spp.,
- síol arbhair indiaigh agus sorgaim, i gcás *Zea mays* agus *Sorghum* spp. dá dtagraítear i dTreoir 66/402/CEE,

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus
Iarscríbhinn .2(i)

- síol glasraí, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 2002/55/CE.

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)

Fairis sin, comhlíonfaidh síol coinníollacha na rialacha Aontais seachas na rialacha a bhaineann le sainaitheantas cineáil agus le hionacht chineáil.

2. Comhlíonfaidh síol na coinníollacha seo a leanas.

2.1. Leagtar síos sna Treoracha seo a leanas na coinníollacha a chomhlíonfaidh síol i gcomhréir le pointe 1, an dara habairt:

- Treoir 66/401/CEE, Iarscríbhinn II,
- Treoir 66/402/CEE, Iarscríbhinn II,
- Treoir 2002/54/CE, Iarscríbhinn I(B),

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus
Iarscríbhinn .2(b)(ii)

- Treoir 2002/55/CE, Iarscríbhinn II,

↓ 2003/17/CE

- Treoir 2002/57/CE, Iarscríbhinn II.

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus
Iarscríbhinn .2(b)(iii) (oiriúnaithe)

2.2 Chun críche an scrúdaithe lena seiceálfar ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 2.1, déanfar samplaí a ghlacadh go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le Rialacha ISTA ón gComhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta , agus beidh meáchan na samplaí sin i

gcomhréir leis an meáchan a shonraítear faoi chuimsiú modhanna den sórt sin, agus na meáchain a shonraítear sna Treoracha seo a leanas á gcur san áireamh:

- Treoir 66/401/CEE, Iarscríbhinn III, colún 3 agus colún 4,
- Treoir 66/402/CEE, Iarscríbhinn III, colún 3 agus colún 4,
- Treoir 2002/54/CE, Iarscríbhinn II, an dara habairt,
- Treoir 2002/55/CE, Iarscríbhinn III,
- Treoir 2002/57/CE, Iarscríbhinn III, colún 3 agus colún 4.

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus
Iarscríbhinn .2(b)(iv)

2.3 Déanfar an scrúdú sin go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le Rialacha ISTA.

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)

3. Comhlíonfaidh síol na coinníollacha breise seo a leanas maidir le marcáil phacáiste.

3.1. Tabharfar an fhaisnéis oifigiúil seo a leanas:

- ráiteas go gcomhlíonann an síol coinníollacha na rialacha Aontais seachas na rialacha a bhaineann le sainaitheantas cineáil agus le hionacht chineáil: ‘Rialacha agus caighdeáin AE ’,

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus
Iarscríbhinn .2(b)(vi)

- ráiteas á rá go ndearnadh an síol a shampláil agus a thástáil i gcomhréir leis na modhanna idirnáisiúnta reatha: ‘Arna sampláil agus arna n-anailísiú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna Rialacha Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta i dtaca le Deimhnithe Idirnáisiúnta do Luchtóga Síolta (Dath Oraíste), ag ..., (ainm nó cód an chomhalta de chuid an stáisiúin síoltástála de chuid ISTA)’,

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)

- dáta dúnta oifigiúil,
- i gcás ina ndearnadh ‘athlipéadú agus athcheangal’ ar luchtóga síl de réir bhrí Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta atá ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta , ráiteas freisin go ndearnadh an oibríocht sin, an dáta is déanaí d’athdhúnadh iad agus na húdaráis atá freagrach as sin,
- tír an táirgthe,
- glanmheáchan nó ollmheáchan dearbhaithe nó an líon dearbhaithe de shíolta íona nó, i gcás síol biatais, líon na gnuasach, agus

- i gcás ina léirítear an meáchan agus ina n-úsáidtear substaintí a dhéanann millíní nó breiseáin sholadacha eile, cineál an bhreiseáin agus an garchoibhneas idir meáchan na síolta íona agus an meáchan iomlán.

Féadfar an fhaisnéis sin a thabhairt ar lipéad ECFE nó ar lipéad oifigiúil breise a thabharfaidh ainm na seirbhíse agus ainm na tíre. Déanfar aon lipéid de chuid soláthróirí a tharraingt suas sa chaoi nach féidir iad a mheascadh leis an lipéad oifigiúil breise.

- 3.2. I gcás síol de chineál a athraíodh go géiniteach, aon lipéad nó doiciméad, oifigiúil nó eile, a ghreamófar den luchtóg síl, nó a bheidh ag gabháil léi, léireoidh sé go soiléir go ndearnadh modhnú géiniteach ar an gcineál agus soláthróidh sé aon fhaisnéis eile de réir mar a chinnfear sa nós imeachta um údarú a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais .
- 3.3. Beidh, ar a laghad, uimhir thagartha na luchtóige, an speicis agus an chineáil i bhfógra oifigiúil a chuirfear laistigh den phacáiste; ina theannta sin, i gcás síol biatais, sonrú, i gcás inarb iomchuí, an síol monageirme nó síol beacht é an síol.
Ní gá an fógra sin má phriontáiltear an fhaisnéis íosta go doscrista ar an bpacáiste nó má úsáidtear lipéad greamaitheach nó lipéad d'ábhar sracdhíonach.
- 3.4. Déanfar aon chóireáil cheimiceach ar an síol agus ar an tsubstaint ghníomhach a nótáil ar an lipéad oifigiúil nó ar lipéad speisialta agus ar an gcoimeádán nó laistigh de.
- 3.5. Déanfar an fhaisnéis uile is gá le haghaidh lipéid oifigiúla, le haghaidh fógraí oifigiúla agus le haghaidh pacáistí a thabhairt i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais .

↓ 2018/1674 Airt. 1.4 agus
Iarscríbhinn .2(b)(vii) (oiriúnaithe)

4. Ag gabháil leis na síolta, beidh Deimhniú Idirnáisiúnta do Luchtóga Síolta (Dath Oráiste) ar a mbeidh faisnéis i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 2.

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)

5. I gcás síol bunúsach de chineálacha a choimeádtar go heisiach laistigh den Aontais , beidh síol na nglún roimhe sin táirgthe laistigh den Aontais .
I gcás síol bunúsach de chineálacha eile, beidh síol na nglún roimhe sin táirgthe faoi fhreagracht na ndaoine atá freagrach as an bpórú cothabhála, dá dtagraítear sa chatalóg choiteann de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta laistigh den Aontais nó i dtríú tír dar deonaíodh, faoi Chinneadh 2005/834/CE³, coibhéis na seiceálacha ar chleachtais maidir le cineálacha a chothabháil a dhéantar i dtríú tíortha.

³ Cinneadh 2005/834/CE ón gComhairle an 8 Samhain 2005 maidir le coibhéis na seiceálacha ar chleachtais le haghaidh cineálacha a chothabháil a dhéantar i dtríú tíortha agus lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE (IO L 312, 29.11.2005, lch. 51, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2005/834/oj>).

6. Maidir le síol deimhnithe de gach glúin, beidh síol na nglún roimhe sin táirgthe agus rialaithe go hoifigiúil agus deimhnithe:

- laistigh den Aontais , nó
- i dtríú tír dar deonaíodh coibhéis faoin gCinneadh seo maidir le síol bunúsach an speicis lena mbaineann a tháirgeadh, ar choinníoll gur táirgeadh ó shíol arna tháirgeadh i gcomhréir le pointe 5 í.

7. I gcás Cheanada agus na Stát Aontaithe, de mhaolú ar an méid seo a leanas:

- pointí 2.2 agus 2.3,
- pointe 3.1, an dara fleasc, agus
- pointe 4,

féadfaidh saotharlanna tástála síolta atá aitheanta go hoifigiúil sampláil, tástáil agus eisiúint deimhnithe anailíse síolta a dhéanamh i gcomhréir le rialacha Chomhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta AOSA. Sa chás sin:

- tabharfar an ráiteas seo a leanas faoi phointe 3.1: ‘Arna shampláil agus arna anailísiú de réir rialacha AOSA ag ...’ (ainm nó túslitreacha na saotharlainne tástála síolta atá aitheanta go hoifigiúil), agus
- eiseoidh an tsaotharlann tástála síolta atá aitheanta go hoifigiúil na deimhnithe a cheanglaítear faoi phointe 4 faoi fhreagracht na núdarás a liostaítear in Iarscríbhinn I.



IARSCRÍBHINN III

Cinneadh aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi

Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle

(IO L 8, 14.1.2003, lch. 10,

ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2003/17\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2003/17(1)/oj))

Cinneadh 2003/403/CE ón gComhairle

(IO L 141, 7.6.2003, lch. 23,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2003/403/oj>)

Rialachán (CE) Uimh. 885/2004 ón gComhairle

(IO L 168, 1.5.2004, lch. 1,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/885/oj>)

Pointe III d'Iarscríbhinn
amháin

Cinneadh 2005/834/CE ón gComhairle

(IO L 312, 29.11.2005, lch. 51,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2005/834/oj>)

Airteagal 4 amháin

Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 ón gComhairle

(IO L 363, 20.12.2006, lch. 1,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1791/oj>)

Cinneadh 2007/780/CE ón gComhairle

(IO L 314, 1.12.2007, lch. 20,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2007/780/oj>)

Cinneadh 1105/2012/AE

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(IO L 328, 28.11.2012, lch. 4,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2012/1105/oj>)

Rialachán (AE) 517/2013 ón gComhairle

(IO L 158, 10.6.2013, lch. 1,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/517/oj>)

Airteagal 1, mír 2, pointe (a),
an chéad fhleasc agus
pointe 6.C.1 den Iarscríbhinn
amháin

Cinneadh (AE) 2018/1674

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(IO L 284, 12.11.2018, lch. 31,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1674/oj>)

Cinneadh (AE) 2020/1544

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(IO L 356, 26.10.2020, lch. 5,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1544/oj>)

Cinneadh (AE) 2021/537

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Airteagal 1, mír 1, agus
pointe 1 den Iarscríbhinn

(IO L 108, 29.3.2021, lch. 4,
ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/537/oj>)

amháin

Cinneadh (AE) 2022/871
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 152, 3.6.2022, lch. 109,
ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/871/oj>)

Cinneadh (AE) 2025/1228
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 2025/1228, 20.6.2025,
ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1228/oj>)

IARSCRÍBHINN IV

TÁBLA COMHGHAOIL

Cinneadh 2003/17/CE	An Cinneadh seo
Airteagal 1, 2 agus 3	Airteagal 1, 2 agus 3
–	Airteagal 4
Airteagal 6	Airteagal 5
Airteagal 7	Airteagal 6
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II
–	Iarscríbhinn III
–	Iarscríbhinn IV